Bileog 9.2b

Foinse: *Gaschaint – Frásaí Gaeilge … ó cheann ceann an lae* **Dáta:** 2005

Mír 1 - Canúint an Iarthair (CC) (Ar fáil ag: **09_02b_1.mp3**)
Ní bhfuair muid seans an leabhar a cheannach fós.
Ceannóidh muid inniu é.
Ceannóidh muid amárach é.
Ba mhaith liom labhairt leat faoi Mháire.
An bhféadfainn coinne a dhéanamh leat?
Tá imní orm faoi Shéamas.
Tá imní orm faoi Bhríd.
Tá imní orm faoi m'iníon
Tá imní orm faoi mo mhac.
An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Caitríona leis an léitheoireacht?
An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Ciarán leis an Mata?
An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Eibhlín leis an nGaeilge?
Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Laoiseach sa Mata?
Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Cormac sa nGaeilge?
Cén uair a bheidh an veidhlín ar siúl?
Cén uair a bheas na ranganna veidhlín ar siúl?
An bhfuil an naíonra oscailte inniu?
Go raibh míle maith agat as an gcúnamh ar fad.
Go raibh míle maith agat as an gcúnamh uilig.

Mír 2 - Canúint Uladh (CU) (Ar fáil ag: **09_02b_2.mp3**)
Ní bhfuair muid seans an leabhar a cheannacht go fóill.
Ceannóidh muid amárach í.
Ba mhaith liom labhairt leat fá Mháire.
An dtig liom coinne a dhéanamh leat?
Tá mé buartha fá mo mhac.
Tá mé buartha fá Shéamas.
Tá mé buartha fá m'iníon.
Tá mé buartha fá Bhríd.
An síleann tú go bhfuil fadhb ag Caitríona leis an léitheoireacht?
An síleann tú go bhfuil fadhb ag Ciarán leis an Mhata?
An síleann tú go bhfuil fadhb ag Eibhlín leis an Ghaeilge?
Cad é mar atá ag éirí le Laoiseach leis an Mhata?
Cad é mar atá ag éirí le Cormac leis an Ghaeilge?
Cén t-am a bheas na ranganna veidhlín ar siúl?
An bhfuil an naíonra foscailte inniu?
Go raibh míle maith agat as do chuidiú uilig.

© CÉ Má Nuad

Mír 3 - Canúint na Mumhan (CM) (Ar fáil ag: **09_02b_3.mp3**)
Ní bhfuaireamar seans an leabhar a cheannach fós.
Ceannóimid inniu é.
Ceannóimid amárach é.
Ba mhaith liom labhairt leat mar gheall ar Mháire.
An féidir liom coinne a dhéanamh leat?
Táim imníoch faoi mo mhac.
Táim imníoch faoi Shéamas.
Táim buartha faoi m'iníon.
Táim buartha faoi Bhríd.
An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Caitríona leis an léitheoireacht?
An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Ciarán leis an Mata?
An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Eibhlín leis an nGaolainn?
Conas atá ag éirí le Laoiseach sa Mhata?
Conas atá ag éirí le Cormac sa Ghaolainn?
Cathain a bheidh na ranganna veidhlín ar siúl?
An bhfuil an naíonra oscailte inniu?
Go raibh míle maith agat as an gcabhair ar fad.

© OÉ Má Nuad